“Cath idir an pobal agus an murder machine”: Gluaiseacht na Gaelscolaíochta c.1973-2023

An Dr Kerron Ó Luain, Ollscoil na Gaillimhe

Leathchéad bliain ó shin bunaíodh an eagraíocht Gaeloideachas, nó Comhchoiste Náisiúnta na Scoileanna Lán-Ghaeilge mar a tugadh air nuair a tháinig sé ar an bhfód i gColáiste Mhuire, Baile Átha Cliath in 1973. Lasmuigh den Ghaeltacht, ní raibh ach dornán scoileanna lán-Ghaeilge ann ag an am agus an líon sin ag titim de shíor a bhuíoch le béalghrá an stáit ó dheas agus naimhdeas an stáit ó thuaidh. Ach d’éirigh le hoideachasóirí agus gníomhaithe teanga deonacha an taoide a iompú agus bunaíodh beagnach 200 gaelscoil ó shin. Tá na céadta míle páiste ar fud na tíre imithe tríd an earnáil nach bhfuil an nimh san fheoil acu don teanga dá bharr. Sa chaint seo, cíorfar fás agus forbairt an tionscadail fhorásaigh dhíchoilínithe seo le caoga bliain anuas agus na dúshláin éagsúla ab éigean do ghníomhaithe, do mhúinteoirí agus do phríomhoidí dul in adharca leo chun go mbeadh rath ar an ngluaiseacht.

Is staraí é an Dr Kerron Ó Luain, as Ráth Cúil, Co. Bhaile Átha Cliath. Chaith sé tréimhsí ag múineadh na staire agus na Gaeilge in ollscoileanna in Éirinn agus i Meiriceá.

Bhí sé i mbun taighde le blianta beaga anuas ar thionscadal dar dteideal *Stair Ghluaiseacht na Gaelscolaíochta, c.1973-2023* a mhaoinigh COGG agus an Chomhairle um Thaighde in Éirinn, as ar eascair **léarscáil dhigiteach idirghníomhach**, a léiríonn fás na hearnála, agus atá ar fáil ar shuíomh SEALBHÚ, DCU: **www.dcu.ie/sealbhu/stair-ghluaiseacht-na-gaelscolaiochta-history-gaelscoil-movement**

Is spéis leis an stair ón mbun aníos, an stair trí lionsa na Gaeilge, agus tionchar cúrsaí aicmeacha ar ghluaiseachtaí sóisialta forásacha.

Táim buíoch as COGG agus An Chomhairle um Thaighde in Éirinn as an maoiniú a chur ar fáil don tionscadal seo, Muireann Ní Mhóráin a bhí sásta an tionscadal a mhaoiniú ar dtús agus Jacqueline Ní Fhearghusa a bhí sásta leanúint leis an tacaíocht sin.

Agus gabhaim mo bhuíochas le Sealbhú, DCU, agus Pádraig Ó Duibhir as an tacaíocht agus le gach éinne i nGaeloideachas, Bláthnaid, Nóra, Ciara, Clodagh, Peigí, Katie, agus éinne a raibh mé i dteagmháil leo san eagraíocht le trí bhliain anuas a thug cabhair, ábhar agus saineolas dom ar cheisteanna éagsúla.

Agus do gach éinne a chuaigh faoi agallamh liom, tá an iomarca le lua ach feicim cuid agaibh sa slua – grmma!

Mar sin,

Leathchéad bliain ó shin bunaíodh an eagraíocht Gaeloideachas, nó Comhchoiste Náisiúnta na Scoileanna Lán-Ghaeilge mar a tugadh air nuair a tháinig sé ar an bhfód i gColáiste Mhuire, Baile Átha Cliath, ar an 4ú Aibreán 1973.

Chónascaigh an eagraíocht le Comhdháil na Scoileanna Gaelacha, a bunaíodh i nGaillimh, in 1974 agus ainmníodh Gaelscoileanna air in 1976. In 2011, athraíodh ainm na heagraíochta go Gaeloideachas.

Ní raibh ach dornán "scoileanna lán-Ghaeilge", mar a thugtaí orthu, ag feidhmiú ag tús na seachtóidí nuair a tháinig an eagraíocht ar an bhfód an chéad lá. Ó shin i leith tá ardú as cuimse tagtha ar líon na ngaelscoileanna sa tír.

Ach céard a spreag an ghluaiseacht teacht ar an bhfód siar ag tús na seachtóidí?

Ar mhórán bealaí, is ceist casta í agus bhí gnéithe éagsúla oideachasúla, polaitiúla agus socheacnamaíochta ag dó na geirbe ar dhreamanna difriúla ag brath ar an áit a raibh siad lonnaithe.

[SLEAMHNÁN]

Comhthéacs

Táim cinnte gur thug Áine léargas iontach ar na blianta 1922-70, mar sin nílim chun mórán ama a chaitheamh ar seo.

I mbeagán focail, comhdhlúthaigh an ghluaiseacht nuair a tháinig tuismitheoirí agus oideachasóirí, a fhormhór ó chúlraí meánaicmeacha, ó dhlínsí éagsúla – an iar-Ghaeltacht sa Phoblacht, an Ghaeltacht, agus na Sé Chontae – le chéile chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhain le soláthar oideachas lán-Ghaeilge dá bpáistí.

De bharr an leithcheala a bhí déanta le fada ar Ghaeil na Sé Chontae ag an Stát Oráisteach, ní raibh tacaíocht **ar bith** ar fáil d'iarrachtaí lucht Bhunscoil Phobal Feirste a bunaíodh in 1971.

Mar a insíonn Máire Nic Sheáin, duine de chéad mhúinteoirí na gaelscoile, bhí baint dhíreach ag an gcogadh leis an gcóiríocht don scoil: "bhí muid i *portacabin* a úsáideadh le haghaidh na ndaoine a cuireadh amach as a gcuid tithe agus a tógadh go Bóthar Seoighe".

Ó dheas, chuaigh gníomhaithe gaelscolaíochta i ngleic le comhthéacs éagsúil, áit ar tugadh béalghrá don Ghaeilge, ach ar ligeadh do mhúineadh na teanga titim siar go tubaisteach sa chóras oideachais le linn ré an nuachóirithe sna 1960dí **ach go háirithe**.

De réir mar a chlaochlaigh an geilleagar faoi thionchar TK Whitaker agus Seán Lemass d'fhorbair tuiscint i measc cuid mhaith den aos polaitiúil, a bhuíoch in amanna do thionchar an Language Freedom Movement, nárbh aon mhaith í an Ghaeilge i stáit a bhí ag domhandú agus, dá bhrí sin, nárbh fhiú tacú léi ná infheistiú a dhéanamh inti.

Faoi 1971, ní raibh ach 14,053 de pháistí bunscoile an stáit, nó 3% de dhaltaí scoile iomlán an stáit, ag freastal ar scoileanna lán-Ghaeilge agus an figiúr sin ag titim **go leanúnach.**

Thart fán ama chéanna, mar a tuairiscíodh sa nuachtán Gaeilge *Inniu*, d'áitigh Riobard Mac Góráin, Uachtarán Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge, "de bharr an pholasaí réasúnaithe atá á thabhairt i réim i gcúrsaí áiseanna oideachais táimid ag druidim chun éigeandála ó thaobh na hathbheochana de".

[SLEAMNÁN]

Freagra

Bhí bunú Scoil Neasáin, i mBaile Hearmainn, Baile Átha Cliath, in 1969 ar cheann de na buillí ba luaithe a bhualadh in éadan an chúlaithe úd. Bunaíodh tuilleadh gaelscoileanna ón mbun aníos i mBaile Átha Cliath, i nGaillimh, i dTrá Lí agus i mBré le linn na seachtóidí.

Ba thréimhse é seo, dar le Colm Ó Torna, iriseoir a bhí ar dhuine de bhunaitheoirí Scoil an tSeachtar Laoch i mBaile Munna in 1971, ina raibh feachtais éagsúla ag rith comhthreomhar le chéile. Deir sé “bhí Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta ag teacht chun cinn, Peadar Mac an Iomaire agus iad siúd uilig. Cheap mé... go raibh rud éigin ag tarlú ó thaobh na Gaeilge de gan dabht ar bith”.

In achar cúpla bliain reáchtáladh siúlóid ó Scoil Dhún Chaoin, a bhí i mbaol dúnta de bharr pholasaí rialtais, go dtí Ard-Oifig an Phoist, shuí leathchéad tuismitheoir síos os comhar bus i Rann na Feirste chun soláthair oideachas lán-Ghaeilge a fháil dá bpáistí, d’oscail na Feirstigh scoil gan cead, agus eagraíodh léirsithe, mórshiúlta, cruinnithe poiblí agus scoileanna scairte agóide i mBaile Átha Cliath agus i nGaillimh ar son na gaelscolaíochta.

[SLEAMNÁN]

Cúrsaí aicmeacha

Tharraing cás Scoil an tSeachtar Laoch i mBaile Munna, ach go háirithe, aird na meáin náisiúnta agus cúrsaí aicmeacha ina dris chosáin ann.

Mar a deir Éilís Uí Langáin, bean tí a bhí ar dhuine de bhunaitheoirí na scoile: “bhí Seachtar Laoch ar an gcéad scoil i gceantar lucht oibre. Sin an rud a chur isteach ormsa — nach raibh na cineál cearta céanna againne... Ceapaim féin, i mBleá Cliath, do bhain an Ghaeilge leis an meánaicme...”

Is cuimhin léi go raibh sí “ag déanamh agóide lá amháin agus chuireas litir isteach sa Roinn Oideachais agus ghlac an fear seo an litir, agus ní dhéanfaidh mé dearmad ariamh ar an rud a dúirt sé liom “you can’t speak English in Ballymun, why ye looking for Irish?”... Ghearr sin mo chroí... amhail is gur saoránaigh den dara ghrád a bhí ionannn thuas i mBaile Munna”.

Mar is eol dúinn uilig caitear an líomhain thart ó am go chéile gur tionscadal éilíteach nó caitheamh aimsire de chuid na huasaicme í an ghaelscolaíocht.

[SLEAMNÁN]

Ach, de réir anailís a rinne mé féin agus mé i mbun an taighde seo, trí crostagairt a dhéanamh ar léarscáil Pobal agus mo chuid mapáil féin ar an gcóras ArcGIS, sa lá atá inniu ann, tá gaelscoileanna agus gaelcholáistí na tíre (thuaidh, theas agus sa Ghaeltacht) lonnaithe, ar an meán, i gceantair atá beagánín **faoi bhun** an mheánlíne saibhris.

Mar sin, má léann sibh alt aineolach san *Indo*, *SIndo*, nó *Times* ag ionsaí na gluaiseachta ar an mbonn sin, is féidir an iriseoir a threorú i dtreo na taighde.

Is fíor, mar sin féin, go bhfuil claonadh beagáinín níos mó i dtreo ceantair atá os cionn an mheáin nó saibhir i mBaile Átha Cliath. I mhalairt an scéil i mBéal Feirste, áit a bhfuil claonadh láidir i dtreo ceantair lucht oibre.

Tá bearnaí le líonadh, mar sin, i mBleá Cliath i measc an luchta oibre ach go háirithe, agus gaelscoileanna de dhíth i dTuaisceart Chluain Dolcáin, i mBaile Formaid, i nDarndál, agus d’fhéadfadh Fionnghlas ceann eile a bheith aige i ndáiríre, óir tá péire i dTamhlacht.

Tá an léarscáil idirghníomhach as a baineadh na torthaí taighde sin le fáil ar shuíomh DCU SEALBHÚ agus is féidir leis an bpobal iniúchadh a dhéanamh ar an méad sin agus éisteacht le ós cionn 50 agallamh bhéil a rinneadh chomh maith.

[SLEAMNÁN]

Idé-eolaíocht

B'ionann an cath faoin ngaelscolaíocht, dár le Pádraig Ó Snodaigh, Uachtarán Chonradh na Gaeilge, agus é ag scríobh ar *Comhar* sna hochtóidí, agus "cath cúlgharda" ina raibh "an pobal Gaelach ag léiriú míshástachta leis an gcúlú ó aidhmeanna fógraithe an stáit sa Phoblacht agus in éadan ionraithe an stáit sna Sé chontae".

Meascán mearaí d'idé-eolaíochtaí agus pearsantachtaí a bhí le sonrú i measc luathbhunaitheoirí na gluaiseachta: náisiúnaigh cultúrtha den chuid is mó, ach poblachtánaigh, roinnt sagart agus mná rialta agus dornán beag sóisialaithe chomh maith.

Bhí Tomás Mac Gabhann, Rúnaí Gaelscoileanna, ar dhuine de na gníomhaithe ba fhuinniúla san eagraíocht sna luathbhlianta. Ba léir go raibh an diabhal ina chosa aige agus é ag taisteal ó chearn cearn na tíre ag tabhairt cúnaimh agus spreagadh do na coistí bunaithe gaelscoile áitiúil a bhí ag teacht le chéile as a stuaim féin.

Míníonn mac Mhic Gabhann, Ultan, gur chreid a athair "go láidir sa daonlathas áitiúil" agus "tábhacht an phobail áitiúil", rud a bhí le sonrú ina chúlra, óir bhí sé "gafa le bunú comhar creidmheasa in Éirinn" agus, sa mhullach air sin, "ba iar-eagraí ceardchumainn é chomh maith".

Pé idé-eolaíocht nó cúlra aicmeach a bhí ag baill aonair, bhí tuiscint comónta sa ghluaiseacht ar thábhacht na Gaeilge don tír – tuiscint a thiomnaigh Pádraig Mac Phiarais agus lucht athbheochana tús an fhichiú haois.

Nuair a cheistigh mé m'athair féin Cathal Ó Luain, a bhí ar cheann de bhunaitheoirí Scoil Santain i dTamhlacht in 1979, faoin ngaol idir an Ghaeilge agus an ghaelscolaíocht, mar shampla, luaigh sé an tábhacht a bhaineann leis an teanga luaigh sé go gonta gur "croílár an náisiún" í.

Is fiú a lua freisin, agus mé ag tagairt do chúrsaí clainne, agus an leathchéad anois sroichte ag an ngluaiseacht go bhfuil athghiniúint shóisialta i gcomhthéacs na Gaeilge ar bun ag an ngaelscolaíocht.

Tá clanna ann atá tar éis trí nó ceithre ghlúin a chur tríd na ngaelscoileanna, agus cuid

acu filleann ar an earnáil mar mhúinteoirí dár ndóigh. Is éacht nach beag é an leanúnachas sin ina mbristear taoide a bhí ag dul i mhalairt treo áit a raibh daoine ag tabhairt droim láimhe nó ag déanamh beag is fiú den teanga.

[SLEAMNÁN]

Na hochtóidí agus nóchaidí

Ach le filleadh ar fhorbairt na gluaiseachta – tháinig borradh ar chúrsaí i gCorcaigh ach go háirithe sna hochtóidí le bunú leithéidí Gaelscoil Uí Ríordáin agus Uí Riada, agus scata cinn eile ina dhiaidh sin a bhuíoch leis na tuismitheoirí a tháinig le chéile go deonach agus leithéidí Pádraig Ó Cuanacháin agus Colm Ó Dúlacháin a bhí fostaithe go lánaimseartha ag Gaelscoileanna an tráth sin chun gaelscoileanna a bhunú.

Tharla an borradh seo i gCúige Mumhan agus i gcuid eile de Laighean ach go háirithe an tráth sin, cé go raibh fadhbanna leanúnacha ann san earnáil i dtaobh cóiríochta, acmhainní agus soláthair ábhair foghlamtha.

Agus cé gur rud an-dáiríre an droch chóiríocht dár ndóigh, agus go leor leor gaelscoileanna ag fanacht os cionn deich nó scór bliain fiú cóiríocht ceart a fháil, tháinig roinnt scéalta greannmhara chun cinn sna hagallaimh bhéil a luaigh mé cheana. I mo shean scoil féin, Scoil Chrónáin, mar shampla, mar a dúirt an iar-Phríomhoide Brenda Ní Shúilleabháin:

“An fhadhb ba mhó a bhí againn, agus chuir sé tinneas ar gach aon rud, cóiríocht. Cóiríocht, cóiríocht, cóiríocht. Is cuimhin liom lá amháin bhí scéal ar an teilifís an oíche roimh ré go raibh scoil i gContae Mhaigh Eo dúnta toisc francaigh agus bhéiceas ag gáirí mar dá ndúnfaimisne do francaigh bheimis dúnta gach aon tseachtain”.

D’inis sí scéal ansin faoin ndualgas breise a bhí ar mhúinteoir amháin ról an *pest control* a ghlacadh.

I gcásanna eile bhí an greann le sonrú nuair a lonnaíodh gaelscoileanna úra gan an cóiríocht cuí i láthair neamhghnácha – club oíche, siopa búistéara, teach tórraimh.

Agus bhí scéalta grinn le fáil chomh maith sna bealaí cruthaíochta a d’éirigh le lucht bunaithe na ngaelscoileanna na foirgnimh réamhdhéanta a thabhairt chuig an láthair scoile, cur i gcás i nGaelscoil na mBeann i gContae an Dúin ar ball, nuair a bhí ar dhuine

den lucht bunaithe, Éamonn Mac Ruaridh, *angle grinder* a fháil chun claí miotal a bhaint i lár an bhóthair i nDún Droma mar nach bhféadfadh an trucail ar a raibh an *prefab* suite dul thar bráid.

Ach maidir leis an eagras sna hochtóidí, scríobhadh san iris *Gaelscoileanna: Iris na hEagraíochta* go raibh Gaelscoileanna "ag crosbhóthar" nuair a toghadh Breandán Mac Cormaic mar Uachtarán ar Gaelscoileanna in 1985.

Idir sin agus tús na nóchaidí cuireadh cruth ní ba ghairmiúla ar Gaelscoileanna nó gur glacadh leis mar "páirtí oideachais" ag mórthionól oideachais i gCaisleán Bhaile Átha Cliath in 1993.

Ba le linn na nóchaidí chomh maith a d'athraigh comhdhéanamh na gluaiseachta. Go dtí sin daoine deonacha den chuid is mó, fir a bhformhór, a bhí chun cinn ag na comhdháil bhliantúil. Bhí múinteoirí, agus mná, go mór sa treis ina dhiaidh sin.

Lean fás líonra na ngaelscoileanna ar aghaidh isteach sna nóchaidí beag beann ar an athrú sin. Ach **ba léir** go raibh an Roinn ag éirí míshuaimhneach faoin bhfás as cuimse.

Bhain castacht ar leith leis an mbliain 1996 nuair a tháinig deich n-iarratas isteach ar ghaelscoileanna san aon bhliain amháin. Dhiúltaigh an tAire Oideachais ag an am aitheantas a thabhairt do roinnt de na scoileanna.

I dtuairim Jacqueline Ní Fhearghusa, a bhí mar Phríomhfheidhmeannach ar Ghaelscoileanna idir 1992 agus 2002, "is dócha go ndúirt an tAire léi féin 'tá sé seo iomarcach. Beidh na deich scoil sin ag lorg foirgneamh'". Níor cabhair é, ach oiread, nach raibh "cúrsaí eacnamaíochta ró-iontach ag an am".

[SLEAMNÁN]

Creideamh

Gluaiseacht is ea gluaiseacht na gaelscolaíochta atá in ann é féin a chur in oiriúint don chlaochlú sóisialta atá ag tarlú lasmuigh de gheataí na scoile, agus léirítear é seo i gcomhthéacs an chreidimh **ach go háirithe**.

Is scátháin iad na gaelscoileanna ar shochaí na hÉireann ar go leor bealaí, mar a luann Patricia Griffin ina dtráchtas antraipeolaíochta ar an ábhar. Sna nóchaidí ach go háirithe tháinig mian chun cinn i measc tuismitheoirí go mbeadh fáil acu ar ghaelscolaíocht nach mbeadh faoi smacht na hEaglaise Caitlicí.

Ós é gurb í an Ghaeilge bunchloch na nGaelscoileanna, seachas an reiligiún, bhí sé ar chumas na gluaiseachta solúbthacht a léiriú de réir mar ba ghá.

Ba é Gaelscoil an Ghoirt Álainn, a tháinig ar an bhfód in 1993, an chéad ghaelscoil ilchreidmheach a bunaíodh sa stát ó dheas. Mar is cuimhin le tuismitheoir gaelscoile agus ceann de bhunaitheoirí na scoile, Eoin Ó Laoire, nuair a chuala "fear mór na Gaeilge" an Canónach Ó Dálaigh "go raibh gaelscoil ag tosú bhí sé ag rá [linne] ár gcuid páistí a chur chuig an gaelscoil, ansin nuair a chuala sé gur scoil ilchreidmheach a bhí ann ghlaoigh sé an *'Godless gaelscoil'*.

Bunaíodh an Foras Pátrúnachta chun freastal ar an scoil agus thosaigh gaelscoileanna eile ag teacht faoina phátrúnacht ina dhiaidh sin. Fuair an Foras aitheantas ón stát in 1996, agus tá an obair atá déanta aige tar éis cur go mór le hiolrachas an chórais oideachais trí chéile.

Ach, mar is eol do go leor agaibh, tá an díshealbhú a ghealladh ag bogadh go han-mall, más ag corraí atá sé in aon chor. Ag breathnú ar 50 bliain iomlán na gluaiseachta, tá an Eaglais Chaitliceach, mar insitiúid, **fós** ina chonstaic d'fhás na gaelscolaíochta de dheasca cúrsaí smachta.

[SLEAMNÁN]

Dúshláin reatha

Tá dúshláin reatha eile ann dár ndóigh, go dtugann an stair lionsa anailíse áirithe dúinn orthu.

Thiar sna seachtóidí chuir Breandán Ó Buachalla, léachtóir i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, síos ar throid na gaelscolaíochta mar "cath idir an pobal agus an '*murder machine*'". Ag tagairt don Roinn Oideachais a bhí sé an tráth sin.

Cé go dtugann an Roinn tacaíocht d'earnáil na gaelscolaíochta ar roinnt bealaí – agus tá struchtúir tábhachtacha ar nós an Fhorais Phátrúnachta agus na Comhairle um

Oideachais Gaeltachta & Gaelscolaíochta (COGG) ann anois – baineadh amach an méid sin trí fheachtasaíocht láidir a ndeachaigh in adharca leis an stát nuair ba ghá.

Tá constaicí á chur os comhar fás na hearnála ag an Roinn go fóill. Mar a dúirt Dónal Ó hAiniféin, a bhí ina Uachtarán ar Gaelscoileanna ó 2002-2005, liom agus mé ag caint leis, bhí "eagla an domhain" ar an Roinn mar "go raibh an oiread sin scoileanna á bhunú sna hochtóidí agus nóchaidí". Dar leis an hAiniféineach gur ghlac an Roinn "ceannasaíocht" ar an bhfás as cuimse a bhí ag tarlú.

Le linn blianta na déine is cuimhin le Mícheál Ó Broin, iar-Uachtarán eile Gaelscoileanna, gur chur an tAire Oideachais ag an am moratóir i bhfeidhm ar bhunú na ngaelscoileanna, agus gur "cuireadh bac ar fás na gaelscolaíochta" idir 2009-2012.

"An toradh a bhí ar sin", arsa Príomhfheidhmeannach reatha Gaeloideachas, Bláthnaid Ní Ghréacháin, ná gur athraíodh córas bunú na scoileanna ina dhiaidh sin ó phróiseas a tharla "ón mbun aníos" go ceann a tharlaíonn anois "ón mbarr anuas".

An fhaillí is mó atá á imirt i láthair na huaire san Sé Chontae Fhichead, áfach, ná ag leibhéal na hiar-bhunscoile, áit nach bhfuil fáil ar ghaelcholáiste ag dhá thrian de dhaltaí a fhágann an ghaelscoil tar éis rang 6. Chun an tarcaisne a chur i gceann na héagóra is ar aonaid mhífheiliúnacha a mbíonn báite go teangeolaíoch in iar-bhunscoileanna Bhéarla a atá an Roinn ag díriú.

Beidh dúshlán mór le sárú chun plean an rialtais 20% d'earcaithe státseirbhíse a bheith inniúil sa Ghaeilge faoi 2030 a chur i bhfeidhm mar is ceart in éagmais tuilleadh gaelcholáistí. Ar an dea-uair, tá feachtais ón mbun aníos tagtha ar an bhfód i Maigh Eo agus Deisceart Chathair Bhaile Átha Cliath chun brú a chur ar an rialtas agus an Roinn a ndualgais do na pobail sin a chomhlíonadh, ach cluas bodhar atá faighte go dtí seo tríd is tríd.

Ó thuaidh, mar a áitíonn Caoimhe Ní Chathail, gníomhaire a bhí lárnach i mbunú Gaelscoil na mBeann i gCill Chaoil, "tá deacracht ... ann fosta mar gheall ar seicteachas".

Tá greim na n-aontachtaithe ar an Roinn Oideachais ansin ina chonstaic ollmhór, “mar má tá moladh forbartha istigh anois, níl aire fhabhrach agus tá siad ag diúltú glan plé leis an rud”

Cruthúnas ar éileamh tuismitheoirí ar ghaelscoileanna dá bpáistí sa lá atá inniu ann a bhí i staidéar Kantar Millward Browne a choimisiúnaigh Conradh na Gaeilge in 2020. Léiríodh go seoladh 49% de thuismitheoirí sna Sé Chontae Fhichead, agus 23% sna Sé Chontae, a bpáiste chun na gaelscoile dá mbeadh an rogha sin acu.

In ainneoin mianta na dtuismitheoirí úd, tá bearna ollmhór idir an soláthar agus an t-éileamh i gcónaí, óir níl ach 8% de dhaltaí sa stát ó dheas ag freastal ar ghaelscoil nó gaelcholáiste agus, cé go bhfuil fás ann atá ina tuar dóchais, tá an figiúr níos ísle ná sin ó thuaidh.

Mhínigh níos mó ná príomhoide amháin dom agus mé i mbun agallaimh go bhfuil fadhb ann freisin laistigh den chóras ó dheas agus soláthar múinteoirí gaelscoile agus gaelcholáiste ina dhúshlán, fadhb atá imithe in olcas de bharr na géarchéime tithíochta.

Tar éis an tsaoil, tá an córas gaelscolaíochta in adharca le córas geilleagrach nualiobrálach agus córais pholaitiúla nach bhfuil toilteanach, ar an bhformhór, na hacmhainní cuí a chur ar fáil chun go bhfreastalófar ar an éileamh atá ann.

[SLEAMNÁN]

Thar geataí na Scoile

Tagróidh mé go sciobhtaí don ghaol idir an ghaelscoil agus athréimniú na Gaeilge sa phobal. Agus tá’s agam go ndearna Mícheál S. pointe an-mhaith ar an gceist seo ar an gclár speisialta de 7 Lá ag an Oireachtas an tseachtain seo caite agus é ag trácht ar líon na gcainteoirí laethúla sa Ghaeltacht.

Thiar in 1970 thuig leithéidí Máirtín Ó Cadhain an róbhéim a bhí ar scoileanna chun an Ghaeilge a shlánú agus na deacrachtaí a bhain leis, nuair a dúirt sé gur “cuid den chrann smala atá ar an nGaeilge go bhfuil chuile shórt dhá mbaineann léi [snaidhmthe] le scolaíocht.”

Ní raibh bunaitheoirí na ngaelscoileanna sna seachtóidí nó ochtóidí dall ar an deacracht lárnach sin ach oiread. D'éirigh na Gaelscoileanna as coistí beaga de Ghaeil a bhí i gcomhluadar a chéile, ach ní fís oideachasúil amháin a bhí acu, ach fís athréimnithe Gaeilge agus an Ghaelscoil ina chroílár.

Breathnaíodh ar an nGaelscoil mar an chéad chéim i straitéis níos leithne chun an teanga a chur i mbéal an phobail i gcoitinne. Sna Sé Chontae Fichead déanadh iarracht an scéim 'Deiseanna úsáide labhairt na Gaeilge' a chur ar bun ag leibhéal an stáit in 1999, ach theip air ceal acmhainní.

Síos tríd na mblianta agus go dtí an lá atá inniu ann, tá scoth na n-iarrachtaí déanta ag cuid de na príomhoidí gaelscolaíochta leas a bhaint as an institiúid ina bhfuil siad i bhfeighil chun eiseamláir don Ghaeilge a chruthú sa phobal.

Ach ní féidir an dualgas sin a leagan orthu gan struchtúr maoinithe comhthreomhar leis an ngaelscolaíocht a bhunú. Tuigeadh, tar éis achar ama gairid sna hochtóidí, nach bhféadfadh le bunscoil ná meánscoil nósanna teanga an phobail lasmuigh di a athrú agus go raibh gá le rud éigin breise chun an teanga a thabhairt 'thar gheataí na scoile'.

Cé go léiríonn figiúirí daonáirimh le blianta beaga anuas go bhfuil toradh dearfach ag an ngaelscolaíocht ar líon na gcainteoirí Gaeilge i gceantair éagsúla sna Sé Chontae Fichead, cur i gcás i Muineacháin béal dorais linn, is scéal éagsúil ar fad é líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge sa phobal. Luaigh beirt nó triúr le linn na n-agallaimh bhéil gur gá b'fhéidir anois breathnú ar struchtúir a dhéanadh an obair sin.

Ach an bhuncheist a bheadh ann arís, más ea, ná ganntanas acmhainní.

Cé is moite de rialacha na Roinne faoi bhunú scoileanna, is ceist polasaí cuid mhaith den mhaolú atá tarlaithe ar an bhfás as cuimse.

Ceann de na rudaí ba shuntasaí faoi bhunú na ngaelscoileanna idir na seachtóidí agus nóchaidí ná gur bunaíodh cuid mhaith acu in eastáit tithe **nua** a bhí á dtógáil ag an am, i bpobail **úra**, agus na tuismitheoirí ina lánúin **óga**.

De réir an Phríomhoifig Staidrimh léirigh daonáireamh 2022 go bhfuil 500,000 duine fásta, **leathmhilliúin duine**, ina cónaí sa mbaile go fóill lena dtuismitheoirí.

Dar ndóigh tá tionchair eile sóisialta agus geilleagrach ag an bhfíric sin diomaite den ghaelscolaíocht.

Ach, samhlaigh, mura mbeadh ar an óige sin aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim tithíochta agus ar an mbán bán, agus go mbeadh cinnteach ina saoil, is mó seans go mbeadh an t-am agus an acmhainn acu tabhairt faoi cheist na Gaelscolaíochta agus na Gaeilge, clanna a thógáil, Gaelscoileanna agus Gaelcholáistí úra a bhunú, agus b'fhéidir fiú an teanga a fhoghlaim agus a sheachadadh go dtí an chéad ghlúin eile.

Ach mar a sheasann cúrsaí níl sé de rogha ag cuid mhór acu tabhairt faoi na nithe sin. Agus, gan trácht ar ghaelscoileanna nó gaelcholáistí nua a bhunú, tá an ghéarchéim tithíochta ag cruthú deacrachtaí móra i dtaobh múinteoirí a earcú, mar is eol do go leor príomhoidí, i mBleá Cliath ach go háirithe.

Tá farasbarr 8 billiún euro ag an rialtas ó dheas de réir na cáinaisnéise dheireanaí, agus cé nach bhfuil an rialtas sásta glacadh leis, tá an chuma air go mbeidh 13 billiúin eile le tíocht ón gcinneadh ag leibhéal an Aontas Eorpaigh cáin a ghearradh ar an gcomhlacht Apple.

I ndeireadh na dála, is ceist ábharaíoch agus ceist acmhainní níos leithne í ceist na gaelscolaíochta, más ea. Is gá, creidim, don ghluaiseacht feidhmiú ar an mbonn sin, agus a bheith ag labhairt le dreamanna eile atá ag lorg a gcearta chomh maith, óir is ar scáth a chéile a mhaireann na ndaoine mar a fheictear go rímhinic mar mhana go leor gaelscoileanna agus gaelcholáistí.

Tá na hacmhainní ann, i ndáiríre, géarchéim na tithíochta agus maolú i bhfás na ngaelscolaíochta a réiteach ach an toil pholaitiúil a bheith ann.

Tá Polasaí don Oideachais Lán-Ghaeilge geallta, agus tá an Polasaí Oideachais Gaeltachta ar ceann de na rudaí is fearr a tharla le blianta beaga anuas. Ach i ndáiríre tá polasaí comhtháite pobail don Ghaeilge de dhíth a nascann an ghaelscolaíocht leis an bpleanáil teanga, a fhostaíonn tuilleadh pleanálaithe teanga agus a thugann fíorchumhachtaí dóibh bonneagar a gceantair a phleanáil thart ar an teanga agus caighdeán saoil an phobail.

[SLEAMNÁN]

Tionchar na hearnála

Bíodh sin mar atá, agus in ainneoin na gconstaicí uilig, rinne gluaiseacht na gaelscolaíochta éacht le 50 bliain anuas.

Sna Sé Chontae, ba é fás na gaelscolaíochta a chur bonn faoi ghluaiseacht na Gaeilge atá le déanaí tar éis 20,000 Gaeil a chuir ar shráideanna Bhéal Feirste agus Acht Teanga a bhaint amach ó chóras choilíneach fadbhunaithe.

Sa mhullach air sin, tá na céadta míle páiste ar fud na tíre imithe tríd an earnáil nach bhfuil an nimh san fheoil ach don teanga dá bharr. Athrú suntasach is ea an méid sin ó staid reatha na seascaidí nuair a bhí sciar maith den phobal ó dheas, in aghaidh na teanga, agus iad glórach faoi – níl a leithéid den Language Freedom Movement ar an bhfód a thuile agus iad in ann fíor-damáiste a dhéanamh do staid na Gaeilge. Measaim gur a bhuíoch leis an ngaelscolaíocht le breis is 50 bliain é sin cuid mhór.

Anuas air sin, tá tuiscint ann anois gur féidir an Ghaeilge a chur in iúl i mbealach nua-aimseartha, gur féidir í a úsáid i suíomhanna éagsúla fostaíochta, agus go bhfuil oideachas d'ardchaighdeán le fáil trí mheán na Gaeilge, tuiscint nárbh ann dó sna seascaidí nuair a samhlaíodh an Ghaeilge mar rud a bhí nasctha leis an am a chuaigh thart go príomhga.

Níl aon dabht ach go bhfuil bunús cuid mhaith den bhorradh sna healaíona Gaeilge i láthair na huaire, mar shampla, le fáil sa ghaelscolaíocht.

Cothaíonn an ghaelscolaíocht féinmheas náisiúnta agus mórtas teanga agus bristear an cheangail síceolaíochta idir an Ghaeilge agus an t-ísliú céime a tharla a bhuíoch leis an gcoilíneachas.

Tionscadal forásach, athshealbhaithe, agus díchoilínithe atá le sonrú le leathchéad bliain anuas tríd is tríd.

[SLEAMNÁN]

Focal scoir

Tá dúshláin mhóra le sárú go fóill, áfach, agus dealraíonn sé gur fiú ceachtanna a bhaint ó luathbhunaitheoirí na gluaiseachta nár chur aon fhiacail ann faoin gcur chuige is éifeachtaí chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, agus nach raibh aon drogall orthu leas a bhaint as chumhacht na hagóide, an gníomh díreach agus an féintuilleamaí.

Tá neart rialtais éagsúla agus pearsantachtaí éagsúla tar éis teacht agus imeacht le linn an leathchéid bliain atá gluaiseacht na Gaelscolaíochta ar an bhfód.

Ach tá córas leathan na céadta scoil bunaithe anois le struchtúir thacaíochta nó abhcóideachta amhail Gaeloideachas, an Foras Pátrúnachta, COGG agus Comhairle na Gaelscolaíochta lena hais, agus is féidir leis an gcóras sin an teanga agus an idé-eolaíocht fhorchéimnitheach Ghaelach a théann léithe a sheachadadh ar aghaidh ó ghlúin go glúin.

Níor chóir dearmad a dhéanamh ar na híobairtí pearsanta a rinneadh chun an t-éacht seo a bhaint amach, an crá croí, ar an maoin phearsanta a ofráladh, ar an allas a sileadh, agus ar am a caitheadh ar bhonn deonach. Is fiú forbairt na gluaiseachta a shamhlú i gcomhthéacs stair fhada an choilíneachais agus an díchoilíniithe a d'fhorbair chun dúshlán a thabhairt don chóras sin.

Próiseas na gcéadta bliain a bhí sa choilíneachas a chuir an ruaig ar an nGaeilge. Tá tús den scoth curtha ag gluaiseacht na Gaelscolaíochta le leathchéad bliain anuas aisiompú a dhéanamh ar dhochar an phróisis úd. **Go maire sí an céad.**